Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/233

12.1.2026

**Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/254 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/88 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2024/287 ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (AE) 2026/87 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala**

(C/2026/233)

Na daoine a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/254 ón gComhairle [1], arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/88 ón gComhairle [2], agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/287 ón gComhairle [3], arna leasú le Rialachán (AE) 2026/87 ón gComhairle [4], a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala, dírítear a n-aird ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Ceanglaítear le hAirteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2024/287 nach mór do na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí a liostaítear tuairisc a thabhairt, laistigh de 6 seachtaine tar éis dháta an liostaithe in Iarscríbhinn I, faoi na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha laistigh de dhlínse Bhallstáit ar leo iad nó atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, chuig údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin suite. Ní mór dóibh oibriú i gcomhar leis an údarás inniúil maidir le fíorú na faisnéise sin. Aon mhainneachtain na hoibleagáidí sin a urramú, measfar gurb éard atá inti, teacht timpeall ar na bearta maidir le reo sócmhainní agus acmhainní eacnamaíocha.

Ní mór an fhaisnéis atá le tuairisciú a sheoladh chuig údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha, trína shuíomh gréasáin mar a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/287.

(1) IO L, 2024/254, 15.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/254/oj.
(2) IO L, 2026/88, 12.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/88/oj.
(3) IO L, 2024/287, 15.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/287/oj.
(4) IO L, 2026/87, 12.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/87/oj.